**Daniel O'Connor**

| | |
|---|---|
| **From:** | Communications |
| **Sent:** | Monday 2 March 2026 08:33 |
| **To:** | Appeals2 |
| **Subject:** | FW: Cás ACP 323895-25 & Cás ACP-323827-25 -Aighneacht - Calafort Ros an Mhíl |
| **Attachments:** | Calafort_Ros_an_Mhil.pdf |

**From:** Julie Ní Ghuairim <jng@udaras.ie>
**Sent:** Friday, February 27, 2026 6:23 PM
**To:** Communications <communications@pleanala.ie>
**Cc:** Ruairí Ó Néill <ruairi@udaras.ie>; Rónán Mac Con Iomaire <ronan@udaras.ie>; Pádraig Ó Catháin <p.ocathain@udaras.ie>; Judy Ní Dhubháin <judy@udaras.ie>
**Subject:** Cás ACP 323895-25 & Cás ACP-323827-25 -Aighneacht - Calafort Ros an Mhíl

You don't often get email from jng@udaras.ie. Learn why this is important

**Caution:** This is an **External Email** and may have malicious content. Please take care when clicking links or opening attachments. When in doubt, contact the ICT Helpdesk.

A chara,

Faoi iamh tá Aighneacht uaidh Údarás na Gaeltachta maidir le Calafort Ros an Mhil.

Le gach dea-ghuí,

***Julie Ní Ghuairim***

***Rannóg Gnóthaí Corparáideacha agus Straitéise***
***Údarás na Gaeltachta***

**T Fón Oifige +353 91 503185**
**www.udaras.ie**

Fógra faoi Rúndacht agus Síniú Leictreonach: Tá an ríomhphost seo agus aon iatán a ghabhann leis rúnda agus tharlódh go mbeadh ábhar íogarach tráchtála san áireamh ann. Is leis an duine / nó daoine sin amháin a bhfuil siad seolta chucu a bhaineann siad agus ní ceart iad a léamh ná a scaoileadh chuig aon tríú páirtí gan cead roimh ré ó Údarás na Gaeltachta. Tabhair faoi deara freisin nach nglacann Údarás na Gaeltachta le sínithe leictreonacha d'aon chineál chun conradh a dhéanamh. Caithfidh gach uile shíniú a bheith i bhfoirm fhisiciúil. Deimhníonn an fo-nóta seo chomh maith gur seiceáladh an teachtaireacht ríomhphoist seo ar fhaitíos víris. Tabhair cuairt ar ár suíomh idirlín ag http://www.udaras.ie

Notice re Confidentiality and electronic signatures: This e-mail and any attachment transmitted with it are confidential and may contain commercially sensitive information. They are intended solely for the use of the intended recipient and should not be read or released to any third party without the prior consent of Údarás na Gaeltachta. Please note that Údarás na Gaeltachta does not accept electronic signatures in any format for the formation of any contracts. All signatures must be in physical format. This footnote also confirms that this e-mail has been swept for the presence of computer viruses. Please visit our website at http://www.udaras.ie

Údarás na Gaeltachta

An Coimisiún Pleanála,
64 Sráid Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1, D01 V902

**Re: Calafort Ros an Mhíl, cás ACP-323895-25**

27 Feabhra 2026

A Chara,

Is mian le hÚdarás na Gaeltachta a thacaíocht láidir a chur in iúl don fhorbairt ché uisce dhoimhin atá beartaithe i Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe. Déantar an aighneacht seo i bhfreagra ar na fógraí a fuair an tÚdarás ón gCoimisiún Pleanála, á iarraidh air tuairimí a dhéanamh ar an dá iarratas seo a leanas:

- Iarratas faoi Alt 37L den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) i ndáil le forbairt ché uisce dhoimhin mar a ceadaíodh roimhe seo ag Comhairle Contae na Gaillimhe (uimhir thagartha 17/967), a bhfuil Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) i gceangal leis, cás ACP-323895-25; agus
- Iarratas ar Thoiliú Ionaid Mhalartach faoi Alt 177E den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), a bhfuil RTT agus RTN i gceangal leis freisin, cás ACP-323827-25.

## 1. Údarás na Gaeltachta

Is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás forbartha réigiúnach atá freagrach as forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Is iad ár bpríomhchuspóirí fostaíocht inbhuanaithe a chruthú agus a chothú sa Ghaeltacht, agus an Ghaeilge a chaomhnú agus a neartú mar phríomhtheang a phobail. Ag deireadh 2025, bhí 9,716 duine fostaithe i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ar fud na Gaeltachta, agus cruthaíodh 681 post nua i gcaitheamh na bliana. Baineadh díolacháin os cionn €1 billiún amach ag cliantchomhlachtaí an Údaráis don dara bliain as a chéile, le luach easpórtála €697m — fás 43% ó 2015. I nGaeltacht na Gaillimhe amháin, tá 3,724 duine fostaithe i gcliantchomhlachtaí an Údaráis. Tá 28 plean teanga á bhfeidhmiú ag 33 Oifigeach Pleanála Teanga ar fud na Gaeltachta, le buiséad bliantúil €3.9m.

## 2. Comhthéacs Straitéiseach

Tá cósta thiar na hÉireann aitheanta mar cheann de na suíomhanna is fearr san Eoraip d'fhuinneamh gaoithe eischósta. Tá sprioc ag an Rialtas 5 GW ar a laghad d'fhuinneamh gaoithe eischósta a shuiteáil san fhadtéarma, le hacmhainneacht suas le 70 GW ar chósta an iarthair. Is acmhainn straitéiseach í an fharraige seo do neamhspleáchas fuinnimh na tíre agus do ghníomhú ar son na haeráide.

Tá sé léirithe go soiléir ag taithí na Muire Thuaidh agus limistéir eile ina bhfuil forbairt ar an ngaoth eischósta ar siúl, gur constaic shuntasach í an easpa bonneagair chalafoirt. Ní mór an bonneagar seo a fhorbairt go luath má tá Éire chun leas a bhaint as na deiseanna ollmhóra atá ar fáil. Tá Ros an Mhíl suite go straitéiseach i lár chósta an iarthair agus tá acmhainneacht ann é a fhorbairt mar cheann de na príomhchalafoirt tacaíochta don tionscal seo.

## 3. Staidéir Fhianaise

Tá roinnt staidéar cuimsitheach déanta a léiríonn oiriúnacht Ros an Mhíl don fhorbairt seo:

**Tuairisc Dublin Offshore (2021):** Choimisiúnaigh Údarás na Gaeltachta staidéar neamhspleách a scrúdaigh na deiseanna teicniúla, comhshaoil agus socheacnamaíocha a bhaineann le Ros an Mhíl mar lárionad tacaíochta don tionscal gaoithe eischósta ar snámh. Léirigh an staidéar go bhféadfaí suas le 900 post buan a chruthú i nGaeltacht na Gaillimhe faoi Chásanna 1b, bunaithe ar fhreastal ar 3 GW de thionscadail.

**Máistirphlean Atkins (2023):** Ina dhiaidh sin, choimisiúnaigh an tÚdarás Máistirphlean do Zón Fiontraíochta Straitéiseach Ros an Mhíl, faoi cheannas Atkins i gcomhpháirtíocht le Dublin Offshore, BiGGAR Economics agus VHA Architects. Léirigh an Máistirphlean seo go bhféadfadh na gníomhaíochtaí tógála agus oibriúcháin a bhaineann le gaoth eischósta tacú le suas le 900 post sa gceantar áitiúil agus giniúint timpeall €70 milliún d'oll-bhreisluach gach bliain. Leagadh amach forbairt chéimnithe, le Céim 1 dírithe ar uasghrádú na háise reatha agus Céim 2 ar shíneadh na céibhe agus ar sheirbhísí breise.

## 4. Tábhacht Straitéiseach na Forbartha

Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna a bhfuil Údarás na Gaeltachta ag tacú go láidir leis an bhforbairt seo:

### 4.1 Fostaíocht agus Forbairt Eacnamaíoch

Tá Limistéar Chalafort Ros an Mhíl ar cheann de na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste in Éirinn, le scór de -6.4 ar an Innéacs Náisiúnta Bochtaineachta i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 0.6. Tá cúlú suntasach tagtha ar thionscal na hiascaireachta sa gceantar, le titim 75% ar

an méid éisc a tugadh i dtír i Ros an Mhíl idir 2013 agus 2019, agus tá an monarchan próiseála éisc a d'fhostaigh 400 duine tráth dúnta anois.

Tá deis iontach anseo borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil trí phoist ardchaighdeáin a chruthú in earnáil na gaoithe eischósta. Léiríonn na staidéir go bhféadfaí suas le 900 post buan a chruthú i nGaeltacht na Gaillimhe, chomh maith le €70 milliún d'oll-bhreisluach gach bliain. Bheadh tionchar ollmhór ag na figiúirí sin ar an eacnamaíocht áitiúil.

### 4.2 Buanú na Gaeltachta agus na Gaeilge

Is ceist ríthábhachtach í buanú na Gaeltachta agus an Ghaeilge i gcomhthéacs na forbartha seo. Tá sé léirithe sna sonraí daonáirimh go bhfuil laghdú leanúnach ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe. Is é an easpa fostaíochta inmharthana sa gceantar ceann de na príomhchúiseanna a bhfuil daoine óga oilte ag fágáil na Gaeltachta. Tá líon suntasach de mhuintir Chonamara ag obair cheana féin i dtionscal na gaoithe eischósta sa Muir Thuaidh agus i dtíortha eile. Tabharfaidh an fhorbairt seo deis an ghlúin Ghaeltachta seo a mhealladh abhaile, rud a bheadh ina thaca láidir don teanga agus don phobal.

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil fostaíocht inmharthana, fréamhaithe sa gceantar féin, lárnach dá straitéis maidir le pleanáil teanga agus forbairt pobail. Cruthófar deiseanna le daoine a mhealladh ar ais chuig an nGaeltacht agus tacófar le fás daonra sna ceantair lonnaíochta máguaird, An Cheathrú Rua, Casla agus Ros an Mhíl féin.

### 4.3 Plean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann

Tá an fhorbairt seo ag teacht go díreach le Plean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais agus le spriocanna na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite. Gan bonneagar calafoirt oiriúnach ar chósta an iarthair, ní bheidh Éire in ann a spriocanna a bhaint amach maidir le fuinneamh gaoithe eischósta. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar infheistíocht sa mbonneagar seo anois, sula gcailltear an deis le calafoirt eile sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip.

### 4.4 Tacaíocht an Phobail

Tá tacaíocht láidir ón bpobal áitiúil don fhorbairt seo, pobal na hiascaireachta san áireamh. Tá coiste deonach áitiúil ag obair le breis agus 30 bliain ar son forbairt an chalafoirt. Tá an Máistirphlean á shamhlú mar chalafort ina mbeidh tionscal na hiascaireachta agus an earnáil fuinnimh in-athnuaite ag obair i gcomhar le chéile, agus ní mar iomaitheoirí.

### 4.5 Oiriúnacht Ros an Mhíl

Léirigh na staidéir teicniúla go bhfuil oiriúnacht ard ag Ros an Mhíl don fhorbairt seo. Tá an calafort suite gar do phíblíne suntasach de thionscadail ghaoithe eischósta, Fuinneamh Sceirde Teo (450 MW) san áireamh, nach bhfuil ach 20 muirmhíle uaidh. Tá rochtain ar stóráil shealadach d'ardáin snámha i gCuan na Gaillimhe. Tá talamh suntasach ar fáil in aice leis an gcé domhainmhara, faoi úinéireacht Údarás na Gaeltachta agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara araon. Tá na héilimh theicniúla maidir le doimhneacht, leithead agus acmhainneacht iompartha go léir inoibrithe ag an suíomh seo.

## 5. Comhthéacs Réigiúnach

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair go gníomhach chun eastáit tionsclaíocha ar an gCeathrú Rua, Casla, An Tulach agus réadmhaoin eile a ailíniú le riachtanais athraitheacha thionscal na gaoithe eischósta. Beidh na háiseanna seo mar thaca don fhorbairt ar an gcalafort féin agus soláthrófar spás le haghaidh seirbhísí coimhdeacha agus slabhra soláthair áitiúil.

Ina theannta sin, tá an tÚdarás ag plé le hinstitiúidí tríú leibhéil agus leis na Boird Oideachais agus Oiliúna chun na scileanna cuí a fhorbairt sa gceantar. Tá scéimeanna printíseachtaí agus céimithe in áit cheana féin ag an Údarás a chuideoidh le pobal na Gaeltachta a chumasú le bheith páirteach go hiomlán san earnáil nua seo.

## 6. Conclúid

Cuireann Údarás na Gaeltachta fáilte mhór roimh an iarratas pleanála seo agus molaimid go láidir don Bhord cead a thabhairt don fhorbairt. Is í seo an infheistíocht is tábhachtaí i mbonneagar Ghaeltacht na Gaillimhe le glúin anuas, agus tá an cumas ann saol eacnamaíoch an cheantair a athrú ó bhonn.

Tá an deis ann mol tionsclaíoch ardluacha a chruthú i gcroílár na Gaeltachta, fostaíocht bhuan a chur ar fáil do mhuintir an cheantair, an Ghaeilge a neartú mar theanga phobail, agus cur le spriocanna náisiúnta aeráide na hÉireann. Creidimid go láidir nach ceart an deis seo a chailleadh.

Iarraimid go ndéanfadh an Bord breithniú fabhrach ar an iarratas seo.

Is mise le meas,

Rónán Mac Con Iomaire

*Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail & Pleanála Teanga*